ORDÚ NA CÚIRTE (an Mór-Dhlísheomra)

1 Lúnasa 2022*

(Achomharc — Idiragairt — Státchabhair — Scéim chabhrach arna cur chun feidhme ag Ríocht na Beilge — Cead chun idiragairt a dhéanamh in imeachtaí achomhairc i gcoinne breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta — Breith na Cúirte Ginearálta a chur ar ceal — Cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta — Breith na Cúirte Ginearálta lena ndiúltaítear barúlacha i scríbhinn maidir leis an mbreithiúnas ba chúis leis an tarchur sin arna gcur in iúl ag idiragraí san achomharc a chur i gcomhad an cháis — Breith intuigthe ón gCúirt Ghinearálta lena ndiúltaítear idiragraí stádas mar idiragraí os comhair na Cúirte Ginearálta a thabhairt d'idiragraí san achomharc — Inghlacthacht an achomhairc — Stádas mar idiragraí os comhair na Cúirte Ginearálta ag idiragraí san achomharc)

I gCás C-32/22 P(I),

ACHOMHARC de bhun na chéad mhíre d'Airteagal 57 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, a tionscnaíodh an 10 Eanáir 2022,

**Anheuser-Busch InBev SA/NV**, arna bhunú sa Bhruiséil (an Bheilg),

**Ampar BVBA**, arna bhunú in Lováin (an Bheilg),

arna n-ionadú ag A. von Bonin, Rechtsanwalt, O.W. Brouwer, A. Pliego Selie agus T.C. van Helfteren, advocaten,

achomharcóirí,

na páirtithe eile sna himeachtaí:

**Magnetrol International NV**, arna bhunú in Zele (an Bheilg), arna ionadú ag H. Gilliams agus L. Goossens, advocaten,

iarratasóir ag an gcéadchéim,

**an Coimisiún Eorpach**, arna ionadú ag P.-J. Loewenthal agus F. Tomat, i gcáil Gníomhairí,

cosantóir ag an gcéadchéim,

tugann AN CHÚIRT (an Mór-Dhlísheomra),

* Teanga an cháis: an Béarla.

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Lenaerts, Uachtarán, L. Bay Larsen (Rapóirtéir), Leas-Uachtarán, A. Arabadjiev, C. Lycourgos, E. Regan, I. Jarukaitis, N. Jääskinen agus I. Ziemele, Uachtaráin Dlísheomra, M. Ilešič, P.G. Xuereb, N. Piçarra, L.S. Rossi, A. Kumin, N. Wahl agus O. Spineanu-Matei, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: M. Szpunar,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 14 Iúil 2022,

an tOrdú seo a leanas:

## Ordú

1 Lena n-achomharc, iarrann Anheuser-Busch InBev SA/NV agus Ampar BVBA go gcuirfí breith Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 6 Nollaig 2021 lenar ndiúltaigh an Chúirt Ghinearálta iad a aithint mar idiragraithe i gCás T-263/16 RENV agus lenar ndiúltaigh sí na barúlacha i scríbhinn arna dtaisceadh acu maidir leis na conclúidí atá le baint ó bhreithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 16 Meán Fómhair 2021, *an Coimisiún* v *an Bheilg agus Magnetrol International* (C-337/19 P, EU:C:2021:741), maidir le toradh na n-imeachtaí sa chás sin a chur i gcomhad an cháis sin ("an bhreith atá faoi chonspóid"), a chur ar neamhní.

### An dlí lena mbaineann

2 Sonraítear in Airteagal 1(3)(c) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, chun críocha na Rialacha Nós Imeachta sin, go gciallaíonn na téarmaí "páirtí" agus "páirtithe", mura sonraítear a mhalairt, aon pháirtí sna himeachtaí, idiragraithe san áireamh.

3 Foráiltear le hAirteagal 60 de na Rialacha Nós Imeachta sin go ndéanfar na teorainneacha ama forordaithe a fhadú mar gheall ar fhad slí ó láthair tréimhse aonair 10 lá.

4 Foráiltear le hAirteagal 79 de na Rialacha Nós Imeachta sin:

"Fógrófar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* dáta cláraithe iarratas tionscanta na n-imeachtaí, ainmneacha na bpríomhpháirtithe, an t-ordú atá á lorg ag an iarratasóir agus achoimre ar na saincheisteanna dlí agus ar na príomhargóintí tacaíochta."

5 Leagtar síos in Airteagail 142 go 145 de na Rialacha Nós Imeachta sin na rialacha maidir le hidiragairt a dhéanamh os comhair na Cúirte Ginearálta.

6 Foráiltear le hAirteagal 143(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta nach mór "iarratas ar idiragairt a thíolacadh laistigh de 6 seachtaine ó fhoilsiú an fhógra dá dtagraítear in Airteagal 79".

7 De réir Airteagal 215 de na Rialacha Nós Imeachta sin:

"I gcás ina ndéanfaidh an Chúirt Bhreithiúnais breithiúnas nó ordú de chuid na Cúirte Ginearálta a chur ar ceal agus ina dtarchuirfidh sí an cás ar ais chun na Cúirte sin, tabharfar an cás os comhair na Cúirte Ginearálta trí bhíthin na breithe lena ndéanfar é a tharchur."

8 Foráiltear le hAirteagal 217 de na Rialacha Nós Imeachta sin:

"1. Sa chás go ndearnadh breith, arna cur ar ceal ag an gCúirt Bhreithiúnais níos déanaí, i ndiaidh clabhsúr a chur leis an gcuid i scríbhinn den nós imeachta os comhair na Cúirte Ginearálta, féadfaidh na páirtithe sna himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta a mbarúlacha i scríbhinn ar na conclúidí a bheidh le baint ó bhreith na Cúirte Breithiúnais maidir le toradh na n-imeachtaí a thaisceadh laistigh de 2 mhí ó sheirbheáil bhreith na Cúirte Breithiúnais orthu. Ní fhéadfar an teorainn ama sin a fhadú.

[...]

3. Féadfaidh an tUachtarán a cheadú go ndéanfar ráitis fhorlíontacha barúlacha i scríbhinn a thaisceadh, má fhágann na himthosca gur cóir é sin."

9 Foráiltear le hAirteagal 219 de na Rialacha Nós Imeachta sin:

"Is í an Chúirt Ghinearálta a thabharfaidh breith maidir leis na costais a bhaineann leis na himeachtaí a thionscnófar os a comhair agus leis na himeachtaí maidir le hachomhairc os comhair na Cúirte Breithiúnais."

**Cúlra na díospóide**

10 Le Cinneadh (AE) 2016/1699 an 11 Eanáir 2016 maidir leis an scéim Státchabhrach um dhíolúine ó iarmhéid an bhrabúis SA.37667 (2015/C) (ex 2015/NN) arna cur chun feidhme ag an mBeilg (IO 2016 L 260, lch. 61; "cinneadh an Choimisiúin"), chinn an Coimisiún Eorpach gur scéim chabhrach, de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, iad díolúintí áirithe arna ndeonú ag Ríocht na Beilge, a bhí ar neamhréir leis an margadh inmheánach agus a cuireadh i bhfeidhm de shárú ar Airteagal 108(3) CFAE. D'ordaigh an Coimisiún go ndéanfaí an chabhair a deonaíodh a aisghabháil ó na tairbhithe, agus bhí an liosta críochnaitheach dóibh le tarraingt suas ag Ríocht na Beilge tar éis sin.

**Na himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta agus na Cúirte Breithiúnais agus an bhreith atá faoi chonspóid**

11 Le hiarratais a taisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 22 Márta agus an 25 Bealtaine 2016, thionscain Ríocht na Beilge agus Magnetrol International NV caingne chun cinneadh an Choimisiúin a chur ar ceal, a cláraíodh faoi uimhreacha T-131/16 agus T-263/16, faoi seach.

12 Le hiarratas a taisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 12 Iúil 2016, thionscain Anheuser-Busch InBev agus Ampar caingean chun an cinneadh sin a chur ar ceal, a cláraíodh faoi uimhir T-370/16.

13 I litir an 20 Feabhra 2018, chuir Cláraitheoir na Cúirte Ginearálta in iúl dóibh gur chinn Uachtarán Dhlísheomra na Cúirte Ginearálta ar tugadh an cás os a chomhair bac a chur ar na himeachtaí i gCás T-370/16 go dtí go mbeadh an díospóid i gCás T-131/16 agus i gCás T-263/16 réitithe.

14 Le hordú an 17 Bealtaine 2018, chinn Uachtarán an Seachtú Dlísheomra mhéadaithe den Chúirt Ghinearálta na Cásanna T-131/16 agus T-263/16 a uamadh chun críocha na coda ó bhéal den nós imeachta agus chun críoch bhreitheanna críochnaitheacha na Cúirte Ginearálta.

15 Le breithiúnas an 14 Feabhra 2019, *an Bheilg agus Magnetrol International* v *an Coimisiún* (T-131/16 agus T-263/16, EU:T:2019:91), chuir an Chúirt Ghinearálta cinneadh an Choimisiúin ar ceal.

16 An 24 Aibreán 2019, thionscain an Coimisiún achomharc i gcoinne an bhreithiúnais sin. Cláraíodh an t-achomharc sin faoi uimhir C-337/19 P.

17 Le horduithe an 15 Deireadh Fómhair 2019, *an Coimisiún* v *an Bheilg agus Magnetrol International*, thug Uachtarán na Cúirte cead do Anheuser-Busch InBev, Ampar, Atlas Copco Airpower NV agus Atlas Copco AB (C-337/19 P, nár foilsíodh, EU:C:2019:909), chomh maith le Soudal NV agus Esko-Graphics BVBA (C-337/19 P, neamhfhoilsithe, EU:C:2019:915), idiragairt a dhéanamh chun tacú le héilimh Magnetrol International.

18 Le breithiúnas an 16 Meán Fómhair 2021, *an Coimisiún* v *an Bheilg agus Magnetrol International* (C-337/19 P, EU:C:2021:741), rinne an Chúirt Bhreithiúnais na horduithe seo a leanas:

- cuireadh breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Feabhra 2019, *an Bheilg agus Magnetrol International* v *an Coimisiún* (T-131/16 agus T-263/16, EU:T:2019:91) ar ceal;

- diúltaíodh don chéad agus don dara pléadáil dlí i gCás T-131/16 agus don chéad phléadáil dlí agus don chéad chuid den tríú pléadáil dlí sa chaingean i gCás T-263/16;

- tarchuireadh an cás ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta le haghaidh breith a thabhairt ar an tríú go dtí an cúigiú pléadáil dlí sa chaingean i gCás T-131/16 agus ar an dara pléadáil dlí, ar an dara agus an tríú cuid den tríú pléadáil dlí agus ar an gceathrú pléadáil dlí i gCás T-263/16, agus

- forchoimeádadh na costais.

19 An 25 Samhain 2021, chuir Anheuser-Busch InBev agus Ampar barúlacha faoi bhráid na Cúirte Ginearálta, ar bhonn Airteagal 217 dá Rialacha Nós Imeachta, maidir leis na conclúidí le baint as breithiúnas an 16 Meán Fómhair 2021, *an Coimisiún* v *an Bheilg agus Magnetrol International* (C-337/19 P, EU:C:2021:741), maidir le toradh na n-imeachtaí i gCás T-263/16 RENV ("na barúlacha atá i gceist").

20 I litir an 6 Nollaig 2021, ar tugadh fógra ina leith do Anheuser-Busch InBev agus Ampar an 17 Nollaig 2021, chuir Cláraitheoir na Cúirte Ginearálta in iúl dóibh, ós rud é nárbh ionann na barúlacha sin agus doiciméad dá bhforáiltear i Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, gur chinn Uachtarán an Dlísheomra de chuid na Cúirte Ginearálta ar tugadh an cás sin os a chomhair gan iad a chur i gcomhad an cháis sin.

21 I litir an 29 Nollaig 2021, arna seoladh chuig Uachtarán na Cúirte Ginearálta agus a chomhaltaí, d'iarr Anheuser-Busch InBev agus Ampar, ag brath, go háirithe, ar ordú Uachtarán na Cúirte Breithiúnais an 15 Deireadh Fómhair 2019, *an Coimisiún* v *an Bheilg agus Magnetrol International* (C-337/19 P, neamhfhoilsithe, EU:C:2019:909), agus ar chásdlí na Cúirte Ginearálta, ar an gcéad dul síos, ceartú ar an "earráid" a rinne an Chúirt Ghinearálta agus, ar an dara dul síos, dearbhú maidir lena stádas mar idiragraithe os comhair na Cúirte Ginearálta, agus iad ag iarraidh freagra laistigh de 5 lá.

**Na horduithe atá á lorg ag na páirtithe**

22 Iarrann Anheuser-Busch InBev agus Ampar ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– an bhreith atá faoi chonspóid a chur ar ceal, agus

– a dhearbhú gur choinnigh na hachomharcóirí a stádas mar idiragraithe i gCás T-263/16 RENV tar éis don Chúirt Bhreithiúnais an cás sin a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta.

23 Iarrann an Coimisiún ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– an t-achomharc a dhíbhe, agus

– a ordú do Anheuser-Busch InBev agus Ampar na costais a íoc.

24 Níor chuir Magnetrol International isteach go foirmiúil ar orduithe, ach measann sé nach mór don Chúirt Bhreithiúnais stádas Anheuser-Busch InBev agus Ampar mar idiragraithe i gcás T-263/16 RENV a dhearbhú.

**An t-achomharc**

***Inghlacthacht an achomhairc***

*An argóint*

25 Áitíonn an Coimisiún go bhfuil an t-achomharc neamh-inghlactha.

26 Áitíonn sé, cé go bhforáiltear sa chéad mhír d'Airteagal 57 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go bhféadfaidh aon duine a ndiúltaítear dá iarratas idiragartha achomharc a thionscnamh i gcoinne bhreith na Cúirte Ginearálta lena ndiúltaítear don iarratas sin, nár thaisc na hachomharcóirí, sa chás seo, aon iarratas idiragartha os comhair na Cúirte Ginearálta.

27 Maíonn sé nár thug an Chúirt Ghinearálta ach aon bhreith amháin, eadhon, an bhreith gan na barúlacha atá i gceist a chur i gcomhad Chás T-263/16 RENV. Níl an t-achomharc dírithe ar an mbreith sin, áfach. Thairis sin, maíonn sé nach dtagann breith den sórt sin faoi raon feidhme na mbreitheanna dá dtagraítear in Airteagail 56 agus 57 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus, dá bhrí sin, nach bhféadfaidh sí a bheith ina hábhar achomhairc.

28 Líomhnaíonn sé gurb é is cuspóir don achomharc seo, i ndáiríre, ná dul timpeall ar bhreith Uachtarán an Dlísheomra sa Chúirt Ghinearálta ar tugadh an cás os a chomhair chun bac a chur ar na himeachtaí i gCás T-370/16 go dtí go réiteofar an díospóid i gCás T-131/16 agus i gCás T-263/16, cé nach féidir achomharc a dhéanamh i gcoinne na breithe sin ach oiread. Maíonn sé gur tugadh an baol maidir le dul timpeall den sórt sin faoi deara cheana i mír 19 d'ordú Uachtarán na Cúirte Breithiúnais an 10 Meán Fómhair 2019, *an Chomhairle* v *K. Chrysostomides & Co. agus páirtithe eile* (C-597/18 P, neamhfhoilsithe, EU:C:2019:743), agus scrúdú á dhéanamh ar iarratas idiragartha arna chur isteach ag iarratasóir i gcás a cuireadh ar fionraí tar éis cásanna áirithe a ainmniú mar chásanna "píolótacha."

29 Dar le Anheuser-Busch InBev agus Ampar, is ionann breith na Cúirte Ginearálta gan na barúlacha atá i gceist a chur i gcomhad Chás T-263/16 RENV agus diúltú cead a thabhairt dóibh a bheith ina n-idiragraithe sa chás sin, diúltú ar féidir achomharc a dhéanamh ina choinne faoin gcéad mhír d'Airteagal 57 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

*Measúnú*

30 Mar réamhphointe, chun inghlacthacht an achomhairc a scrúdú, ní mór raon feidhme an chinnidh atá sa litir ó Chláraitheoir na Cúirte Ginearálta an 6 Nollaig 2021 a chinneadh.

31 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhforáiltear in Airteagal 217(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, nuair a chuireann an Chúirt Bhreithiúnais breith ón gCúirt Ghinearálta ar ceal agus nuair a chinneann sí an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta le haghaidh breithiúnais tar éis clabhsúr a bheith curtha leis an gcuid i scríbhinn den nós imeachta maidir le substaint an cháis os a comhair, go bhféadfaidh na páirtithe sna himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta a mbarúlacha i scríbhinn maidir leis na conclúidí a bheidh le baint ó bhreith na Cúirte Breithiúnais maidir le toradh na n-imeachtaí a thaisceadh laistigh de 2 mhí ó sheirbheáil na breithe sin.

32 Mar sin féin, níl aon cheist faoi ach, ar an gcéad dul síos, go bhfreagraíonn an cás seo don chás dá dtagraítear san fhoráil sin agus, ar an dara dul síos, gur taisceadh na barúlacha atá i gceist laistigh den tréimhse a leagtar síos san fhoráil sin, arna fadú mar gheall ar fhad slí, mar a leagtar síos in Airteagal 60 de na Rialacha Nós Imeachta sin, agus gurb é an toradh air sin ná nach bhfuil diúltú na mbarúlacha sin bunaithe ar mhoill a dtaiscthe.

33 Dá bhrí sin, in ainneoin a cineáil achomair, ní mór an litir ó Chláraitheoir na Cúirte Ginearálta an 6 Nollaig 2021 a thuiscint, ós rud é go dtagraítear inti do dhiúltú na Cúirte Ginearálta na barúlacha atá i gceist a chur i gcomhad Chás T-263/16 RENV, ar an bhforas gurb ionann iad agus doiciméad nach bhforáiltear dó i Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, mar litir ina léirítear breith na Cúirte Ginearálta diúltú stádas mar idiragraithe a thabhairt do na hachomharcóirí sa chás seo, stádas a fuair siad, dar leo, go huathoibríoch toisc gur ceadaíodh dóibh idiragairt a dhéanamh san achomharc i gCás C-337/19 P.

34 Sa chomhthéacs sin, leis an achomharc seo, ós rud é go gcuirtear i gcoinne an litir sin ina hiomláine agus go ndéantar gearán faoi, go háirithe, neamhrialtacht dhiúltú na Cúirte Ginearálta na barúlacha atá i gceist a chur i gcomhad Chás T-263/16 RENV, ní mor a mheas go n-iarrtar an bhreith atá faoi chonspóid a chur ar ceal, ní hamháin sa mhéid go ndiúltaítear ann na hachomharcóirí a aithint mar idiragraithe sa chás sin, ach freisin sa mhéid go ndiúltaítear ann na barúlacha sin a chur i gcomhad an cháis sin.

35 Dá bhrí sin, ní mór diúltú d'argóint an Choimisiúin go bhfuil an t-achomharc seo dírithe ar bhreith nár ghlac an Chúirt Ghinearálta.

36 Maidir leis an gceart chun achomharc a dhéanamh i gcoinne na breithe atá faoi chonspóid, foráiltear leis an gcéad mhír d'Airteagal 57 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go bhféadfaidh aon duine a ndéanfaidh an Chúirt Ghinearálta a iarratas idiragartha a dhíbhe achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Breithiúnais.

37 Sa chás seo, glactar leis nár dhíbh an Chúirt Ghinearálta, leis an mbreith atá faoi chonspóid, iarratas idiragartha, ós rud é nár chuir na hachomharcóirí iarratas den sórt sin faoi bhráid na Cúirte Ginearálta.

38 Mar sin féin, ba cheart a thabhairt faoi deara freisin go bhfuil éifeacht na breithe, a bhaineann go dlúth leis an litir ó Chláraitheoir na Cúirte Ginearálta an 6 Nollaig 2021, chun diúltú stádas mar idiragraí i gCás T-263/16 RENV a thabhairt do na hachomharcóirí, cosúil leis an éifeacht a bheadh ag breith ón gCúirt Ghinearálta ag díbhe iarratas idiragartha arna chur isteach ag na hachomharcóirí, is é sin go mbaintear sa dá chinneadh sin de pháirtí a áitíonn nach mór dó, faoin dara mír d'Airteagal 40 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, seasamh nós imeachta ar leith a bheith aige, mar gheall ar a leas i dtoradh na n-imeachtaí, na cearta uile a bhaineann go dlúth leis an seasamh sin.

39 39 Ina theannta sin, i gcás inar chinn an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil bunús maith le hachomharc, inar chuir sí breith na Cúirte Ginearálta ar ceal agus inar tharchuir sí an cás ar ais chuici le haghaidh breithiúnais, ní féidir a bheith ag súil go réasúnach leis go ndéanfadh idiragraí san achomharc sin, a mheasann go bhfuil stádas mar idiragraí aige go huathoibríoch os comhair na Cúirte Ginearálta, iarratas idiragartha foirmiúil os comhair na cúirte sin d'fhonn bheith in ann amháin achomharc a thionscnamh, faoin gcéad mhír d'Airteagal 57 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, i gcoinne an chinnidh lena ndíbhtear an t iarratas sin..

40 Ní fhéadfadh an Chúirt Ghinearálta ach iarratas den sórt sin a dhíbhe, in aon chás, toisc go bhfuil sé déanach, ós rud é go bhforáiltear le hAirteagal 143(1) dá Rialacha Nós Imeachta, arna léamh in éineacht le hAirteagal 79 de na Rialacha Nós Imeachta sin, nach mór iarratas idiragartha a thíolaic laistigh de 6 seachtaine ó fhoilsiú an fhógra lena dtuairiscítear taisceadh an iarratais lena dtionscnaítear imeachtaí sa chás lena mbaineann in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

41 Sa chomhthéacs sin, dá ndéanfaí a mheas nach féidir le hidiragraí san achomharc i gcás, a éilíonn go bhfuil stádas mar idiragraí aige go huathoibríoch os comhair na Cúirte Ginearálta tar éis an cás sin a tharchur ar ais chuig an gcúirt sin, achomharc a thionscnamh faoin gcéad mhír d'Airteagal 57 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in aghaidh breith ón gCúirt Ghinearálta ag diúltú dó an stádas sin, ar an bhforas amháin nár dhíbh an Chúirt Ghinearálta iarratas idiragartha go foirmiúil, bhainfí aon chosaint bhreithiúnach atá ann den pháirtí lena mbaineann a ligean dó na cearta nós imeachta a n-eascraíonn, dar leis, as Airteagal 40 den Reacht a chosaint os comhair na Cúirte Ginearálta, cé gurb é cuspóir beacht na chéad mhíre d'Airteagal 57 den Reacht sin an chosaint sin a áirithiú.

42 Go deimhin, i gcás ina mbraitheann an t-idiragraí san achomharc, mar is ceart, ar a stádas mar idiragraí os comhair na Cúirte Ginearálta i gcás a tharchuir an Chúirt Bhreithiúnais ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta, ceist atá le cinneadh nuair atá scrúdú á dhéanamh ar shubstaint an

achomhairc seo agus nach féidir, dá bhrí sin, a réiteach agus measúnú á dhéanamh ar inghlacthacht an achomhairc, ní bheadh aon leigheas eile ar fáil dó chun a chearta nós imeachta faoi Airteagal 40 den Reacht sin a fheidhmiú.

43 Dá bhrí sin, sa chéad áit, ní fhéadfaidh idiragraí in achomharc achomharc a thabhairt faoi Airteagal 56 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcoinne breith de chuid na Cúirte Ginearálta ag diúltú dó stádas mar idiragraí sa chás a tharchuir an Chúirt Bhreithiúnais ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta.

44 Foráiltear leis an bhforáil sin go bhféadfar achomharc a dhéanamh i gcoinne bhreitheanna críochnaitheacha na Cúirte Ginearálta agus i gcoinne bhreitheanna na Cúirte Ginearálta nach réitíonn na saincheisteanna substaintiúla ach go páirteach nó a réitíonn saincheist nós imeachta maidir le heaspa dlínse nó le do-ghlacthacht.

45 Sa chás seo, ba cheart a thabhairt faoi deara nach breith chríochnaitheach de chuid na Cúirte Ginearálta i gCás T-263/16 RENV an bhreith atá faoi chonspóid agus nach réitítear léi, fiú go páirteach, na saincheisteanna substaintiúla sa chás sin.

46 Ina theannta sin, cé go réitíonn an bhreith sin saincheist nós imeachta a bhaineann le stádas na n-achomharcóirí mar idiragraithe os comhair na Cúirte Ginearálta, ní bhaineann an tsaincheist sin le heaspa dlínse ná le do-ghlacthacht.

47 Chinn an Chúirt Bhreithiúnais, áfach, nach mór achomhairc a thionscnaítear, faoi Airteagal 56 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, i gcoinne bhreitheanna na Cúirte Ginearálta lena réitítear saincheist nós imeachta atá éagsúil ó na saincheisteanna nós imeachta dá dtagraítear san fhoráil sin a dhíbhe toisc iad a bheith do-ghlactha (féach, chuige sin, Ordú an 4 Deireadh Fómhair 1999, *an Coimisiún* v *ADT Projekt*, C-349/99 P, EU:C:1999:475, míreanna 10 agus 11, agus breithiúnas an 8 Eanáir 2002, *an Fhrainc* v *Monsanto agus an Coimisiún*, C-248/99 P, EU:C:2002:1, mír 46).

48 Ina theannta sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, nuair atá breith á tabhairt ar shaincheist nós imeachta a bhaineann le heaspa dlínse nó le do-ghlacthacht, go bhfuil an Chúirt Ghinearálta ag rialú ar iarratas ó pháirtí go gcuirfí críoch leis an gcéim sin gan déileáil le substaint an cháis, agus is é sin an fáth nach mór a bheith in ann breith den sórt sin a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais gan fanacht le breith maidir le substaint an cháis. Ní hin atá i gceist, áfach, le breith ina réitítear saincheist nós imeachta a bhaineann le hidiragairt.

49 Dá bhrí sin, chinn an Chúirt Bhreithiúnais nach féidir an bhreith lena nglacann an Chúirt Ghinearálta le hiarratas idiragartha a bheith ina hábhar achomhairc faoi Airteagal 56 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (féach, chuige sin, breithiúnas an 29 Iúil 2019, *Bayerische Motoren Werke agus Freistaat Sachsen* v *an Coimisiún*, C-654/17 P, EU:C:2019:634, míreanna 29 agus 30).

50 I bhfianaise an méid sin roimhe seo, ní mór an réiteach sin a chur chun feidhme freisin maidir le hachomharc a thionscnaítear i gcoinne breith de chuid na Cúirte Ginearálta ag diúltú aitheantas a thabhairt d'idiragraí san achomharc mar idiragraí i gcás a tharchuir an Chúirt Bhreithiúnais ar ais chuici.

51 Sa dara háit, má thionscnaítear achomharc faoi Airteagal 56 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcoinne na breithe críochnaithí ag an gcéim ina n-éilíonn an duine lena mbaineann go bhfuil stádas mar idiragraí aige, ní féidir cosaint bhreithiúnach leordhóthanach a thabhairt don duine sin, ós rud é nach bhfuil an leigheas sin ar fáil ach do na páirtithe os comhair na Cúirte Ginearálta agus ní fhéadfaí, ar aon chaoi, caomhnú a dhéanamh ar an tairbhe a bhaineann le hidiragairt mar sin os comhair na Cúirte Ginearálta trína áirithiú go gceadófaí idiragairt a dhéanamh ag céim den nós imeachta ina bhféadfadh tionchar éifeachtach a bheith aige sin ar na díospóireachtaí os comhair na cúirte sin.

52 I bhfianaise an méid sin roimhe seo, d’fhéadfadh an bhreith, lena ndiúltaíonn an Chúirt Ghinearálta go hintuigthe — trí dhiúltú barúlacha d’idiragraí san achomharc a chur sa chomhad i gcás a tharchuir an Chúirt Bhreithiúnais ar ais chuici tar éis di a breith a chur ar ceal, ar an bhforas gurb ionann iad agus doiciméad nach bhforáiltear dó i Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta — stádas mar idiragraí sa chás sin a thabhairt don idiragraí sin, a bheith ina hábhar achomhairc ar bhonn na chéad mhíre d’Airteagal 57 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

53 I gcás ina dtionscnaíonn duine caingean le haghaidh neamhniú, ar chuir an Chúirt Ghinearálta a scrúdú ar fionraí go dtí go ndéanfaí cinneadh sna himeachtaí ina maíonn an duine sin go bhfuil stádas mar idiragraí aige, ní chuireann sé sin, murab ionann agus an méid a éilíonn an Coimisiún, bac le hachomharc i gcoinne breith ón gCúirt Ghinearálta lena ndiúltaítear stádas mar idiragraí dó.

54 Is fíor go sárófaí prionsabal riaradh cuí an cheartais dá gceadófaí do na hiarratasóirí i gcásanna a cuireadh ar fionraí tar éis cásanna áirithe a ainmniú mar chásanna “píolótacha” idiragairt a dhéanamh sna cásanna sin mar gheall ar an gcúinse sin amháin (féach, chuige sin, Ordú Uachtarán na Cúirte Breithiúnais an 10 Meán Fómhair 2019, *an Chomhairle* v *K. Chrysostomides & Co. agus páirtithe eile*, C-597/18 P, neamhfhoilsithe, EU:C:2019:743, mír 19).

55 Mar sin féin, baineann an breithniú sin, ar an gcéad dul síos, le tuillteanais na breithe diúltú stádas mar idiragraí a thabhairt do dhuine atá á éileamh agus, dá bhrí sin, níl sé ábhartha chun inghlacthacht achomhairc a thionscnaítear i gcoinne na breithe sin a mheasúnú.

56 Ar an dara dul síos, cé go maíonn an Coimisiún, go bunúsach, go bhféadfaí, i gcleachtas, mar thoradh ar inghlacthacht achomhairc den sórt sin, agóid a dhéanamh os comhair na Cúirte Breithiúnais i gcoinne breith de chuid na Cúirte Ginearálta lena gcuirtear cás ar fionraí nuair nach féidir achomharc a dhéanamh ina leith, ba cheart a thabhairt faoi deara, i gcás neamhniú bhreith na Cúirte Ginearálta ag diúltú don achomharcóir sa chás i gceist an stádas mar idiragraí i gcás eile os comhair na Cúirte Ginearálta, leanfadh na tionchair go léir a bhaineann le breith fionraí den sórt sin ar aghaidh.

57 I bhfianaise an méid uile roimhe seo, ní mór diúltú don phléadáil dlí maidir le do-ghlacthacht arna hagairt ag an gCoimisiún.

## *Substaint an cháis*

### *An argóint*

58 Áitíonn Anheuser-Busch InBev agus Ampar, le pléadáil amháin, go ndearna an Chúirt Ghinearálta dhá earráid dlí, arb é an chéad cheann an diúltú stádais mar idiragraithe a dheonú dóibh i gCás T-263/16 RENV agus arb é an dara ceann an diúltú na barúlacha is mian leo a thaisceadh maidir leis na conclúidí a bheidh le baint as breithiúnas an 16 Meán Fómhair 2021, *an Coimisiún* v *an Bheilg agus Magnetrol International* (C-337/19 P, EU:C:2021:741) a chur i gcomhad an cháis sin.

59 Sa chéad áit, dar leo, mar a chinn an Chúirt Ghinearálta go seasta, bheadh sé ar mhaithe le riaradh cuí an cheartais agus le leanúnachas na ndíospóireachtaí os comhair na gcúirteanna, i gcás inar tugadh cead do pháirtí idiragairt a dhéanamh in achomharc, go gcoimeádfadh sé a stádas mar idiragraí má tharchuirfí an cás ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta tar éis bhreith na Cúirte Ginearálta a chur ar ceal. Dá bhrí sin, maítear gur cheart na hachomharcóirí a mheas mar idiragraithe i gCás T-263/16 RENV, gan bheith orthu iarratas idiragartha a thíolacadh os comhair na Cúirte Ginearálta.

60 Dar leo, bheadh údar leis an réiteach sin freisin, mar is léir ó chásdlí na Cúirte Ginearálta, ionas go mbeadh an Chúirt Ghinearálta in ann breith a dhéanamh maidir le costais, i gcás ina bhfuil na costais sin forchoimeádta ag an gCúirt Bhreithiúnais sula ndéantar an cás atá i gceist a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta. Dar leo, is é sin go díreach atá i gceist sa chás seo.

61 Sa dara háit, dar leo, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid dlí nuair a chinn sí gan na barúlacha atá i gceist a chur sa chomhad. Le hAirteagal 217(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, nach bhfuil aon sainmhíniú ann ar an gcoincheap “páirtithe sna himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta”, ní chuirtear cosc ar idiragraithe san achomharc a bheith in ann an stádas “páirtithe sna himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta” a fháil le linn imeachtaí achomhairc.

62 Áitíonn an Coimisiún go raibh údar cuí ag an gCúirt Ghinearálta chun stádas mar idiragraithe i gCás T-263/16 RENV a dhiúltú do na hachomharcóirí.

63 Dar leis, ceadaítear le hAirteagal 217(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta barúlacha i scríbhinn a thaisceadh, tar éis don Chúirt Bhreithiúnais an cás a tharchur chuig an gCúirt Ghinearálta, ní do “na páirtithe sna himeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais” ná do “na páirtithe san achomharc”, ach do “na páirtithe sna himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta” agus na páirtithe sin amháin. In Airteagal 1(2)(c) de na Rialacha Nós Imeachta sin, sonraítear raon feidhme Airteagal 217(1) trí na téarmaí “páirtí” agus “páirtithe” a shainmhíniú mar “aon pháirtí sna himeachtaí, idiragraithe san áireamh”.

64 Dar leis, ós rud é nach bhféadfadh na hachomharcóirí an stádas “páirtithe sna himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta” a éileamh, b’ionann an t-achomharc seo a cheadú agus catagóir *sui generis* d’idirghabhálaithe a chruthú, nach mbeadh faoi réir chomhlíonadh na teorann ama atá leagtha síos in Airteagal 143(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta ná na gcoinníollacha a fhorchuirtear le hAirteagal 143(2) de na Rialacha Nós Imeachta sin. Dá nglacfaí le hidiragairt na bpáirtithe sin, ní bheadh aon deis ag an gCoimisiún freagra a thabhairt ar na barúlacha arna dtaisceadh acu. Ina theannta sin, bheadh, mar thoradh ar réiteach den sórt sin, i gcleachtas, dul timpeall ar na bearta lena gcuirfí imeachtaí áirithe ar fionraí chun go bhféadfaí cásanna “píolótacha” a ainmniú agus tosaíocht a thabhairt dóibh.

65 Thairis sin, tá cásdlí na Cúirte Ginearálta dá dtagraíonn na hachomharcóirí teoranta do dhá bhreith, a bhfuil an ceann is déanaí acu ina ábhar achomhairc ina ndéanann an Coimisiún agóid i gcoinne an stádais mar idiragraí os comhair na Cúirte Ginearálta atá ag idiragraí san achomharc. Ina theannta sin, ní hionann cás na n-achomharcóirí agus cás na bpáirtithe atá i gceist sna cásanna ba chúis leis an dá bhreith sin ón gCúirt Ghinearálta.

66 Chomh maith leis sin, dar leis, ní sháraíonn an réiteach a ghlac an Chúirt Ghinearálta cearta bunúsacha nós imeachta na bpáirtithe, ós rud é go bhféadfaidís idiragairt a dhéanamh os comhair na Cúirte Ginearálta i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos le Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na teorainneacha ama is infheidhme maidir leis an nós imeachta sin.

*Measúnú*

67 Sonraítear in Airteagal 1(2)(c) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta go gciallaíonn na téarmaí "páirtí" agus "páirtithe", chun críocha na Rialacha sin, aon pháirtí sna himeachtaí, idiragraithe san áireamh.

68 Ní shonraítear, áfach, san fhoráil d'fheidhm ghinearálta sin, na cásanna ina gcaithfidh an Chúirt Ghinearálta stádas mar idiragraí os a comhair a thabhairt do dhuine.

69 I ndáil leis sin, cé go bhforáiltear le hAirteagail 142 go 145 de na Rialacha Nós Imeachta sin na rialacha maidir le hidiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta, trí na rialacha a leagan síos a bhaineann le hiarratais idiragartha a thíolacadh agus le scrúdú na n-iarratas sin, ní dhéileáiltear leo leis an stádas atá le tabhairt do dhaoine ar thug an Chúirt Bhreithiúnais cead idiragartha dóibh i gcás ag céim an achomhairc, i gcás inar chinn an Chúirt Bhreithiúnais go raibh bunús maith leis an achomharc, inar chuir sí breith na Cúirte Ginearálta ar ceal agus inar tharchuir sí an cás ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta le haghaidh breithiúnais.

70 Ar an gcaoi chéanna, níl aon riail in Airteagal 217 ná in Airteagal 218 de na Rialacha Nós Imeachta sin, arb é is cuspóir dóibh cur i bhfeidhm an nós imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le himeachtaí arna dtabhairt tar éis breith ón gCúirt Ghinearálta a chur ar ceal agus an cás a tharchuir ar ais chuici ach oiread lena sonraítear stádas na n-idiragraithe san achomharc in imeachtaí den sórt sin.

71 Sa chomhthéacs sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar a áitíonn na hachomharcóirí, gur cuid de leanúnachas na n-imeachtaí achomhairc os comhair na Cúirte Breithiúnais é cás arna scrúdú ag an gCúirt Ghinearálta tar éis don Chúirt Bhreithiúnais breith na Cúirte Ginearálta a chur ar ceal agus an cás sin a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta.

72 Léirítear an leanúnachas sin go sainráite i Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta. Ar dtús, is léir ó Airteagal 215 de na Rialacha Nós Imeachta sin go dtugtar go díreach os comhair na Cúirte Ginearálta cás ina gcuireann an Chúirt Bhreithiúnais breith na Cúirte Ginearálta ar ceal agus ina dtarchuireann sí an cás ar ais chuici le haghaidh breithiúnais. Ina theannta sin, de bhun Airteagal 217 de na Rialacha Nós Imeachta sin, cuirtear tús leis an teorainn ama chun barúlacha a thíolacadh maidir leis na conclúidí atá le baint ó bhreith na Cúirte Breithiúnais maidir le toradh na n-imeachtaí ó dháta seirbheála na breithe sin. Ar deireadh, foráiltear le hAirteagal 219 de na Rialacha Nós Imeachta sin go dtabharfaidh an Chúirt Ghinearálta breith maidir leis na costais a bhaineann ní hamháin leis na himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta ach freisin leis na himeachtaí achomhairc os comhair na Cúirte Breithiúnais.

73 Thairis sin, i gcomhréir leis an dara mír d'Airteagal 61 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, nuair a chuireann an Chúirt Bhreithiúnais breith ón gCúirt Ghinearálta ar neamhní agus nuair a dhéanann sí an cás a tharchur ar ais chuici, tá breith na Cúirte Breithiúnais maidir le poncanna dlí ina ceangal ar an gCúirt Ghinearálta.

74 Dá bhrí sin, is faoin gCúirt Ghinearálta atá sé, agus an chaingean á hathscrúdú ag an gcéadchéim aici tar éis an cás a bheith tarchurtha ar ais chuici, iarmhairtí bhreithiúnas na Cúirte Breithiúnais san achomharc ar thoradh na n-imeachtaí idir na páirtithe a chinneadh.

75 Is é atá beartaithe go beacht, i gcomhthéacs den sórt sin, le barúlacha ó na páirtithe, de bhun Airteagal 217 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, a thíolacadh ná a chur ar chumas na bpáirtithe sin a seasamh a leagan amach maidir leis na hiarmhairtí sin ar thoradh na n-imeachtaí agus an fhaisnéis atá ag an gCúirt Ghinearálta ina leith sin a chomhlánú.

76 Dá bhrí sin, déantar iarracht leis an bhforáil sin, amhail Airteagal 172 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, lena n-údaraítear d'aon pháirtí sa chás os comhair na Cúirte Ginearálta a bhfuil leas aige i gceadú nó i scor an achomhairc frithaighneacht a thaisceadh os comhair na Cúirte Breithiúnais, leanúnachas na ndíospóireachtaí os comhair na gcúirteanna a áirithiú agus an cás céanna á láimhseáil os comhair Chúirteanna an Aontais Eorpaigh.

77 Sa chéad áit, má thugann an Chúirt Bhreithiúnais stádas mar idiragraí do dhuine, glactar leis, de bhun an dara mír d'Airteagal 40 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, go raibh an duine sin in ann leas a shuíomh i dtoradh an cháis atá faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais.

78 Dá bhrí sin, is é toradh ar dhiúltú stádais mar idiragraí os comhair na Cúirte Ginearálta a thabhairt d'idiragraí san achomharc nuair a tharchuir an Chúirt Bhreithiúnais an cás ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta, sa mhéid nach bhfuil an duine sin in ann iarratas idiragartha a dhéanamh os comhair na Cúirte Ginearálta a thuilleadh ar an bhforas atá leagtha amach i mír 40 den Ordú seo, ná gach deis a bhaint den duine sin chun barúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte Ginearálta maidir leis na conclúidí a bheidh le tarraingt ó bhreith ón gCúirt Bhreithiúnais a bhfuil tionchar aige ar a leasanna.

79 Ina theannta sin, foráiltear sa dara mír d'Airteagal 40 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go bhféadfaidh daoine a shuíonn go bhfuil leas acu iontu idiragairt a dhéanamh "i gcásanna". Is léir ó Airteagail 55 agus 56 den Reacht sin, sa leagan Fraincise ar a laghad, nach ionann an coincheap "*litige*", a mhéid a chumhdaítear leis an díospóid idir na páirtithe, agus an coincheap "*instance*", a bhaineann leis na himeachtaí atá ar feitheamh os comhair na cúirte ar tugadh an díospóid os a comhair.

80 Is fíor nach féidir a chur as an áireamh go hiomlán, i gcásanna ar leith, go háirithe nuair a rialaíonn an Chúirt Bhreithiúnais go cinntitheach ar ghnéithe áirithe de chás sula dtarchuireann sí ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta é, nach bhfuil leas a thuilleadh ag idiragraí in achomharc i dtoradh na n-imeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta. Mar sin féin, ní féidir leis an imthoisc sin, ann féin, údar a thabhairt don chonclúid nach féidir stádas mar idiragraí a thabhairt d'idiragraí san achomharc i gcás atá tarchurtha ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta ag an gCúirt Bhreithiúnais, ós rud é gur faoi Chúirteanna an Aontais atá sé a fhíorú, le linn na n-imeachtaí, go bhfuil an leas a thug údar leis an idiragairt fós ann (féach, chuige sin, breithiúnas an 8 Iúil 1999, *Hüls* v *an Coimisiún*, C-199/92 P, EU:C:1999:358, míreanna 52 go 55).

81 Sa chás seo, mar a chuir na hachomharcóirí chun suntais, glacadh lena n-iarratas idiragartha os comhair na Cúirte Breithiúnais ar an bhforas go raibh leas acu go ndéanfaí neamhniú *ex tunc* agus *erga omnes* na Cúirte Ginearálta de chinneadh an Choimisiúin cinntitheach (féach, chuige sin, Ordú Uachtarán na Cúirte Breithiúnais an 15 Deireadh Fómhair 2019, *an Coimisiún* v *an Bheilg agus Magnetrol International*, C-337/19 P, neamhfhoilsithe, EU:C:2019:909, mír 17), neamhniú arb é go beacht ábhar na n-imeachtaí i gCás T-263/16 RENV, ina maíonn na hachomharcóirí go bhfuil siad in ann idiragairt a dhéanamh.

82 Sa dara háit, ba cheart a thabhairt faoi deara go n-eascraíonn sé as an réiteach a ghlac an Chúirt Ghinearálta sa bhreith atá faoi chonspóid go bhfuil leanúnachas sna díospóireachtaí os comhair na gcúirteanna i gcás agus méid na n-éifeachtaí a bhaineann le cead a thabhairt do pháirtí idiragairt os comhair na Cúirte Breithiúnais ag brath ar bhreith na Cúirte Breithiúnais, arna glacadh de bhun na chéad mhíre d'Airteagal 61 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, breithiúnas críochnaitheach a thabhairt í féin sa chás nó, mar mhalairt air sin, an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta.

83 Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 87 dá Thuairim, nuair a thugann an Chúirt Bhreithiúnais breithiúnas críochnaitheach sa chás seachas an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta, féadfaidh an t-idiragraí san achomharc a chuid argóintí a chur chun cinn os comhair na cúirte de chuid an Aontais ar iarradh uirthi rialú a thabhairt ar an gcaingean ag an gcéad chéim, cé nach mbeadh an fhéidearthacht sin aige má tharchuirtear an cás ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta.

84 Sa tríú háit, dealraíonn sé go bhfuil sé níos dóchúla go ndéanfaidh an réiteach a ghlac an Chúirt Ghinearálta difear do leanúnachas na ndíospóireachtaí os comhair Chúirteanna an Aontais toisc gur cheart go mbeadh an t-idiragraí san achomharc in ann a bheith rannpháirteach arís, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos le hAirteagal 40 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus le forálacha ábhartha Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, sna himeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais i gcás achomharc in aghaidh cinneadh nua ón gCúirt Ghinearálta arna dhéanamh tar éis don Chúirt Bhreithiúnais an cás a tharchur ar ais chuici agus, dá bhrí sin, bheadh rannpháirtíocht neamh-leanúnach sna himeachtaí os comhair Chúirteanna an Aontais i gcomhthéacs díospóid amháin mar thoradh air sin.

85 Sa cheathrú háit, ní mór a thabhairt faoi deara go sonraítear in Airteagal 184(2) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, i gcás nach bhfuil bunús leis an achomharc nó i gcás ina bhfuil bunús maith leis an achomharc agus ina dtugann an Chúirt Bhreithiúnais féin breithiúnas críochnaitheach sa chás, go dtabharfaidh an Chúirt Bhreithiúnais breith maidir le costais.

86 Os a choinne sin, leanann as an bhforáil sin nach dtugann an Chúirt Bhreithiúnais breith maidir le costais i gcás ina bhfuil bunús maith leis an achomharc ach ina dtarchuireann an Chúirt Bhreithiúnais an cás ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta.

87 I gcás den sórt sin, ní mór don Chúirt Ghinearálta rialú a thabhairt ar na costais a bhaineann leis na himeachtaí achomhairc, mar a fhoráiltear go sainráite in Airteagal 219 dá Rialacha Nós Imeachta.

88 Dá réir sin, dá ndéanfaí stádas mar idiragraí a dhiúltú d'idiragraí san achomharc i gcás a tharchuir an Chúirt Bhreithiúnais ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta, i gcás inar cuireadh éilimh faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais chun ordú a thabhairt do pháirtí eile costais an idiragraí sin a íoc nó chun ordú a thabhairt don idiragraí sin costais páirtí eile a íoc, bheadh sé de thoradh air sin nach

scrúdódh cúirt den Aontas na héilimh sin nó go gcaithfeadh an Chúirt Ghinearálta rialú a thabhairt ar éilimh a bhaineann le duine nach páirtí é sna himeachtaí os a comhair agus nach raibh in ann, dá bhrí sin, a n-éilimh a chosaint le linn na n-imeachtaí sin.

89 Sin go díreach a bheadh i gceist sa chás seo.

90 Sa chás seo, tá iarratas déanta ag na hachomharcóirí agus ag an gCoimisiún, faoi seach, go n-ordófaí don pháirtí eile na costais a bhaineann leis na himeachtaí achomhairc i gCás C-337/19 P a íoc.

91 Ós rud é gur fhorchoimeád an Chúirt Bhreithiúnais na costais i mbreithiúnas an 16 Meán Fómhair 2021, *an Coimisiún* v *an Bheilg agus Magnetrol International* (C-337/19 P, EU:C:2021:741), iarrtar ar an gCúirt Ghinearálta, de réir mar a éilíonn na hachomharcóirí, rialú a thabhairt, agus Cás T-263/16 RENV á scrúdú aici, maidir le leithroinnt na gcostas a bhaineann leis na himeachtaí achomhairc i gCás C-337/19 P idir na hachomharcóirí agus páirtithe eile sna himeachtaí achomhairc sin.

92 Sa chúigiú háit, ní fhéadfaí glacadh le hargóintí an Choimisiúin i gcoinne idiragraí san achomharc a aithint mar idiragraí i gcás a tharchuir an Chúirt Bhreithiúnais ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta.

93 Dá bhrí sin, ar dtús, cé nach rialaítear an cheist maidir le stádas mar idiragraí os comhair na Cúirte Ginearálta a thabhairt d'idiragraí in achomharc os comhair na Cúirte Breithiúnais leis na rialacha atá leagtha síos in Airteagal 143 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, ní féidir a mheas go gceadaítear idiragairt den sórt sin os comhair na Cúirte Ginearálta gan aon cheanglas maidir le substaint nó foirm. Ní foláir cead a bheith tugtha roimh ré ag an gCúirt Bhreithiúnais don duine i gceist chun idiragairt a dhéanamh os a comhair, faoi na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 40 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus sna forálacha ábhartha de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais.

94 Ina theannta sin, cé go gceadaítear leis an réiteach sin do pháirtí barúlacha a thíolacadh nach bhféadfadh na páirtithe eile sna himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta freagra a thabhairt orthu, ní bhaineann sé sin le hábhar, ós rud é, ar an gcéad dul síos, nach bhforáiltear le Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta go bhfuil ceart, go ginearálta, chun freagra a thabhairt ar bharúlacha arna dtíolacadh faoi Airteagal 217 de na Rialacha Nós Imeachta sin agus, ar an dara dul síos, go bhforáiltear le hAirteagal 217(3) de na Rialacha Nós Imeachta sin, mar sin féin, go bhféadfar ráitis fhorlíontacha barúlacha i scríbhinn a thaisceadh, má fhágann na himthosca gur cóir é sin.

95 Ar deireadh, maidir le hargóint an Choimisiúin, go mbeadh dul timpeall ar an gcinneadh fionraí mar thoradh ar stádas mar idiragraí os comhair na Cúirte Ginearálta a thabhairt d'idiragraí san achomharc, atá ina iarratasóir freisin i gcás a chuir an chúirt sin ar fionraí i gcomhthéacs cás "píolóta" a ainmniú, ba cheart a chur in iúl nach bhféadfadh sé a bheith d'éifeacht ag cinneadh fionraí den sórt sin cosc a chur ar an iarratasóir sin idiragairt a dhéanamh os comhair cúirt de chuid an Aontais, i gcás nach mór an idiragairt sin a údarú faoi Airteagal 40 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (féach, chuige sin, Ordú Uachtarán na Cúirte an 15 Deireadh Fómhair 2019, *an Coimisiún* v *an Bheilg agus Magnetrol International*, C-337/19 P, neamhfhoilsithe, EU:C:2019:909, míreanna 14 agus 18 agus an cásdlí dá dtagraítear).

96 I bhfianaise an méid sin roimhe seo, ní mór a mheas go gceanglaítear le hAirteagal 40 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, le hurraim do na cearta nós imeachta a ráthaítear d'idiragraithe le Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta agus le prionsabal riaradh cuí an cheartais, agus gaol comhsheasmhach á chur i bhfeidhm idir na nósanna imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta, go ndeonófaí stádas mar idiragraí os comhair na Cúirte Ginearálta go huathoibríoch d'idiragraí san achomharc, nuair a tharchuirtear cás ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta tar éis don Chúirt Bhreithiúnais breith ón gCúirt sin a chur ar ceal.

97 Sa chás seo, glactar leis, ar an gcéad dul síos, gur tugadh cead, le hordú Uachtarán na Cúirte Breithiúnais an 15 Deireadh Fómhair 2019, *an Coimisiún* v *an Bheilg agus Magnetrol International* (C-337/19 P, neamhfhoilsithe, EU:C:2019:909), do Anheuser-Busch InBev agus Ampar idiragairt a dhéanamh os comhair na Cúirte Breithiúnais i gCás C-337/19 P agus, ar an dara dul síos, trí bhreithiúnas an 16 Meán Fómhair 2021, *an Coimisiún* v *an Bheilg agus Magnetrol International* (C-337/19 P, EU:C:2021:741), gur chuir an Chúirt Bhreithiúnais breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Feabhra 2019, *an Bheilg agus Magnetrol International* v *an Coimisiún* (T-131/16 agus T-263/16, EU:T:2019:91) ar ceal, agus gur tharchuir sí Cás T-131/16 agus Cás T-263/16 ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta le haghaidh breithiúnais ar shaincheisteanna áirithe dlí sna cásanna sin.

98 Dá bhrí sin, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid dlí nuair a dhiúltaigh sí stádas mar idiragraí a thabhairt do na hachomharcóirí os a comhair i gCás T-263/16 RENV.

99 Dá réir sin, ní mór seasamh leis an bpléadáil dlí amháin a chuireann hachomharcóirí chun cinn agus an bhreith atá faoi chonspóid a chur ar ceal.

**An díospóid os comhair na Cúirte Ginearálta**

100 I gcomhréir leis an gcéad mhír d'Airteagal 61 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, má tá breith de chuid na Cúirte Ginearálta á cur ar ceal aici, breithiúnas críochnaitheach a thabhairt í féin ar an díospóid má cheadaíonn staid na n-imeachtaí a leithéid, nó an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta le haghaidh breithiúnais.

101 Sa chás seo, leanann as míreanna 96 go 98 den Ordú seo go bhfuil stádas mar idiragraí os comhair na Cúirte Ginearálta sa chás seo ag Anheuser-Busch InBev agus Ampar, go huathoibríoch agus, dá bhrí sin, go bhfuil na cearta go léir acu a bhaineann go dlúth leis an stádas sin, go háirithe an ceart chun barúlacha a thíolacadh faoi Airteagal 217(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta.

102 Dá réir sin, is faoin gCúirt Ghinearálta atá sé na bearta nós imeachta a eascraíonn ón stádas sin a ghlacadh.

**Costais**

103 I gcomhréir le hAirteagal 184(2) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, i gcás ina bhfuil bunús leis an achomharc agus ina dtugann an Chúirt Bhreithiúnais féin breithiúnas críochnaitheach sa chás, tabharfaidh an Chúirt Bhreithiúnais breith maidir le costais.

104 De réir Airteagal 138(1) de na Rialacha Nós Imeachta sin, a bhfuil feidhm aige maidir le himeachtaí achomhairc de bhun Airteagal 184(1), ordófar don pháirtí caillteach na costais a íoc, má iarrtar iad i bpléadálacha an pháirtí a n-éireoidh leis.

105 Cé nár éirigh leis an gCoimisiún ina aighneachtaí, níor iarr Anheuser-Busch InBev, Ampar ná Magnetrol International a gcostais. Dá réir sin, ní mór do gach ceann de na páirtithe a gcostais féin maidir leis na himeachtaí achomhairc seo a íoc.

Ar na forais sin, ordaíonn an Chúirt (an Mór-Dhlísheomra) mar seo a leanas:

1. **Cuirtear breith Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 6 Nollaig 2021, lena ndiúltaítear stádas mar idiragraí i gCás T-263/16 RENV a thabhairt do Anheuser-Busch InBev SA/NV agus Ampar BVBA agus lena ndiúltaítear na barúlacha i scríbhinn arna dtaisceadh acu maidir leis na conclúidí atá le baint as breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 16 Meán Fómhair 2021, *an Coimisiún* v *an Bheilg agus Magnetrol International* (C-337/19 P, EU:C:2021:741), maidir le toradh na n-imeachtaí sa chás sin, a chur i gcomhad an cháis sin, ar ceal.**

2. **Ordaítear do Anheuser-Busch InBev SA/NV, Ampar BVBA, Magnetrol International NV agus don Choimisiún Eorpach a gcostais féin a íoc.**

Sínithe